An Chéad Chruinniú Tionscadail SET2CLIL

Is Comhpháirtíocht Straitéiseach faoin **gClár** Erasmus+ i réimse an oideachais agus na hoiliúna gairmiúla é an tionscadal **SET2CLIL** nó **oiliúint san fhiontraíocht shóisialta le cuidiú teicneolaíochta bunaithe ar fhoghlaim chomhtháite ábhair agus teanga**. Is é **Infocenter EOOD**, Tryavna, an Bhulgáir comhordaitheoir an tionscadail. Tá ceithre eagraíocht Eorpacha as an **Romáin, an Tuirc, an Spáinn agus Poblacht na hÉireann** sa chomhpháirtíocht. Is cuibhreannas é ina bhfuil **eagraíocht neamhrialtasach, scoil do chailíní, comhlacht comhairliúcháin, coláiste oiliúna múinteoirí agus ionad oideachais ghairmiúil**.

Tá trí ghné ag baint leis an **gcur chuige nuálaíoch** atá ag SET2CLIL – clár trasnáisiúinta Eorpach d'fhonn **scileanna fiontraíochta sóisialta, digiteacha agus teanga** a shealbhú laistigh de chúrsa amháin. Sábhálann sé seo an tréimhse oiliúna don phríomhacmhainn agus cinntíonn sé go **sealbhaítear scileanna agus cumais atá bailí i ngach tír san Eoraip**.

Reáchtáladh an chéad chruinniú tionscadail trasnáisiúnta de chuid na gcomhpháirtithe ar 9-10 Nollaig 2015 in Tryavna, an Bhulgáir. Is í an aidhm a bhí leis an gcruinniú ná saincheisteanna a bhain le cruthú na **dtáirgí inleachtúla deiridh a phlé - an Curaclam, stór leictreonach d'acmhainní oiliúna, Treoir Oiliúnóra d'Fhiontraíocht Shóisialta**.

Bhuail na comhpháirtithe le méara Tryavna, **an tUasal Doncho Zahariev**, chun aidhmeanna an tionscadail a chur i láthair agus chun tacaíocht na n-údarás áitiúil a lorg.

Infocenter EOOD